**LEABHRÁN EOLAIS**

**Comhordaitheoir Pleanála Teanga - Buan (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) X2**

**Foras na Gaeilge**

**Tag: AOFPT/0626**

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an nGaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Chomh maith leis na feidhmeanna reachtúla thuasluaite tá feidhmeanna reachtúla sannaithe d'Fhoras na Gaeilge faoi réir Acht na Gaeltachta (2012) mar a bhaineann leis an bpróiseas pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe d'Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus d'Aire na Roinne Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**
Beidh an Comhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT) mar chuid d'fhoireann phleanála teanga Fhoras na Gaeilge, ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda. Is féidir go mbeadh an duine a cheapfar freagrach as riar a dhéanamh ar cheantair sonrach tíreolaíoch. Tá sé i gceist go mbeadh an t-oifigeach ar an mbóthar ag bualadh le deontaithe agus páirtithe leasmhara ar fud an cheantair seo, ar bhonn rialta. Tá polasaí maidir le hobair chumaisc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Beidh post amháin lonnaithe in oifig Ghaoth Dobhair agus ceann eile lonnaithe in oifig Bhaile Átha Cliath.

**Sochair**
Baineann na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas le post mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin le Foras na Gaeilge agus cuirfear iad sa Tairiscint Cheapacháin:

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo €57,173 - €72,829*.
D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.
*Caithfear an post a thairiscint ag bun an scála.

- Tréimhse an Chonartha: Gan teorainn ach go mbeidh athbhreithniú bliantúil ann;
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear a bheith i láthair 40 uair (i seachtain cúig lá). Ceadaítear uair an chloig don lón. Beidh solúbthacht áirithe de dhíth ó thaobh uaireanta oibre de chun riachtanais an phoist a chomhlíonadh;
- Beidh tréimhse phromhaidh 6 mhí i gceist leis an bpost seo;
- Saoire Bhliantúil: 29 lá (ag dul suas go 30 lá tar éis 5 bliana) agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;
- Pinsean: Mar a cheadóidh an CATT;
- Saoire Mháithreachais/Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Thuismitheorachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois Scoir: de réir na dteidlíochtaí a bheidh i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh na Ranna Urraíochta sa dá dhlinse;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

**Ginearálta:**

Tá na hoifigigh faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann "an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999" agus Airt.1 de "Acht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999."

2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais sa dá dhlínse, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasaíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.

**Painéal**
Tá sé i gceist dhá cheapachán buan a dhéanamh. Cuirfear painéal d'iarrthóirí cáilithe le chéile bunaithe ar an bpróiseas earcaíochta seo. Aon iarrthóir cáilithe nach dtairgfear post dó/di ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí post ag an ngrád seo a thairiscint dó/di as seo go ceann dhá bhliain, sa chás go mbeadh folúntas sa réimse oibre seo agus acmhainn ann chuige sin.

**An Próiseas Roghnóireachta**

Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil. Ní ghlacfar le CVanna. Ba chóir d'iarrthóirí cóip PDF den fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost roimh 12pm meán lae, Dé hAoine, 18 Meán Fómhair 2026 chuig: poist@forasnagaeilge.ie

Sa chéad chéim den phróiseas roghnóireachta déanfar an t-eolas ar an bhfoirm iarratais a mheas. Le go rachaidh iarrthóirí ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta tabharfar breithiúnas orthu de réir an eolais a thug siad ar an bhfoirm iarratais agus dá réir sin amháin. I Roinn 2 den fhoirm iarratais iarrtar eolas ábhartha, cuí faoin taithí atá ag iarrthóirí sna critéir atá riachtanach; tá cur síos orthu sa cháipéis seo. Caithfidh iarrthóirí mion-chuntas soiléir a thabhairt ar shamplaí den taithí seo a fuair siad san obair a rinne siad lena léiriú go bhfuil siad inniúil don phost.

I dtús báire, bainfear úsáid as na critéir bhunriachtanacha le gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnóireachta.

Sa dara céim den phróiseas roghnóireachta déanfar tuilleadh measúnaithe ar na critéir atá liostaithe sa cháipéis seo. Is féidir go mbeidh dhá chuid ann:

1. Cur i láthair;
2. Agallamh le hinniúlacht an iarrthóra a mheas.

## SONRAÍ AN PHOIST

**Teideal an Phoist**: Comhordaitheoir Pleanála Teanga (An Dlínse ó dheas)

**Freagrach do**: An Clárbhainisteoir

**Próifíl an Phoist**: Beidh an Comhordaitheoir Pleanála Teanga (CPT) mar chuid d'fhoireann phleanála teanga Fhoras na Gaeilge, ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda. Beidh an CPT freagrach as tacaíocht a sholáthar don réimse pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht a thiteann faoi chúram Fhoras na Gaeilge. Beidh an CPT freagrach go príomha as riar a dhéanamh ar cheanneagraíochtaí pleanála teanga agus eagraíochtaí ábhartha eile bainte leis an phróiseas pleanála teanga mar is cuí. Beidh an CPT freagrach fosta as cúram a ghlacadh de dheiseanna úra i réimse na pleanála teanga a éascú mar is cuí agus comhoibriú le páirtithe ábhartha. Beidh an CPT ag cabhrú le cuspóirí na heagraíochta maidir le feidhmiú an phróisis phleanála teanga ar bhonn uile-oileánda a chur i bhfeidhm.

## PRÍOMHCHÚRAIMÍ

Cúraimí Straitéiseacha

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtascanna taighde a dtabharfar fúthu maidir le dea-chleachtais i leith iompair, buanú agus sealbhú teanga i réimsí éagsúla gníomhaíochtaí an Fhorais. Tionscnaimh thacaíochta teanga i réimsí aontaithe a mholadh.
- Beartais agus acmhainní tacaíochta maidir le neartú na Gaeilge sa phobal a mholadh agus a fhorbairt.
- Spriocanna cuí a fhorbairt de réir mar a aontófar leis an bhfhoireann bhainistíochta agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Cúraimí Oibríochtúla

- Bainistiú, maoirsiú agus éascú a dhéanamh ar an phróiseas pleanála teanga i mBailte Seirbhíse Gaeltachta (BSGí) ainmnithe, i gceantair faofa Líonraí Gaeilge agus i gceantair féideartha eile a thiocfadh le bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga.
- Oibriú go dlúth le líon roghnaithe ceanneagraíochtaí le tacú leo a bpleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú trí chomhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh mar a bhaineann sé le riachtanais na bpleananna teanga – idir thaighde, fhaisnéis, fheasacht sa phobal, anailís ar eolas/staitisticí, bheartais teanga, chláir chaiteachais/buiséad agus tuairisciú/cur i láthair ar an eolais agus de réir mar atá leagtha síos sa Mhúnla do Phlean Teanga agus sna Critéir Pleanála Teanga.
- Comhairle agus tacaíocht a roinnt leis na ceanneagraíochtaí agus na Coistí Stiúrtha Pleanála Teanga agus eolas a roinnt faoi threochtaí, staitisticí, polasaithe Stáit a bhaineann leis an Ghaeilge agus an próiseas pleanála teanga.
- Ceardlanna oiliúna agus comhdhálacha a eagrú de réir riachtanais.
- Saineolas, comhairle, moltaí agus tacaíocht a chur ar fáil d'fheachtais feasachta teanga a bheidh dírithe ar phobail a spreagadh agus a ghríosú le bheith gníomhach sa Phróiseas Pleanála Teanga agus cur chun cinn na Gaeilge i measc na gceantar BSGí, Líonraí agus eile mar a bheidh iarrtha ag an Roinn.

Cúraimí Airgeadais

- An clár caiteachais agus na hiarratais ar íocaíocht a bhaineann leis na pleananna teanga a bhainistiú agus a riaradh i gcomhar leis an gceanneagraíocht.
- A chinntiú go dtabharfar faisnéis ábhartha airgeadais de réir mar a iarrtar é.
- Tuairisciú don Chlárbhainisteoir ar fheidhmíocht airgeadais.

Cúraimí Pearsanra

- Cloí le polasaithe agus modhanna imeachta Fhoras na Gaeilge.
- Tuairisciú ar chur i gcrích mhórchuspóirí agus chuspóirí na rannóige.

Cúraimí Cumarsáide

- Ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Fhorais ar choistí agus ar ghrúpaí oibre i leith dea-fheidhmiú an Phróisis Pleanála Teanga.
- Dea-chaidreamh a chothú le heagrais agus comhlachtaí a bhfuil cuspóirí comónta teanga á roinnt ag Foras na Gaeilge leo, go háirithe an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, An Roinn Pobal, Údarás na Gaeltachta agus na Ceanneagraíochtaí Gaeilge.
- Comhoibriú leis na Comhordaitheoirí Pleanála Teanga eile maidir le dul chun cinn, pleananna oibre agus cur chuige.
- Tuairiscí a ullmhú, de réir mar is gá, ina ndéantar athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ar cheisteanna a eascraíonn dá bharr, lena faomhadh ag an bhFoireann Ardbhainistíochta agus an mBord.
- Freastal ar chruinnithe foirne agus rannóige de réir mar is cuí.
- Bheith ag plé le páirtithe leasmhara seachtracha ar cheisteanna a bhaineann le pleanáil teanga.
- Freastal ar chruinnithe eile de réir mar is gá.

***Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.***

## SONRAÍOCHT FAOIN bPEARSA

**Critéir Riachtanacha**

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa mar aon le tiomantas don teanga.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó cáilíocht ábhartha eile i gcomhar le fianaise ar thaithí phraiticiúil sa réimse pleanála teanga.
- Ardscileanna cumarsáide idir áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Tuiscint / taithí ar ullmhú agus ar fheidhmiú pleananna teanga nó pleananna forbartha pobail.
- Taithí ar thionscnaimh a bhainistiú, a phleanáil, a fhorbairt, a athbhreithniú agus a chur i gcrích, agus tuairiscí a chur ar fáil ina leith.
- Taithí ar chlár oibre a eagrú, a bhainistiú agus a chur i gcrích as do stuaim féin.
- Ardscileanna ríomhaireachta agus teicneolaíocht faisnéise.
- Ceadúnas Tiomána reatha agus úsáid chairr chun críche an phoist nó teacht láithreach ar mhodh iompair taistil sásúil.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ar bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais.

**Cáilíochtaí Pearsanta**

- Ba chóir go mbeadh an iarrthóir féinspreagtha agus díograiseach.
- Ardscileanna idirphearsanta agus an cumas ar bheith ábalta caidrimh oibre tháirgiúla a choinneáil agus a fheabhsú.
- A bheith ábalta dul i gcion ar dhaoine.
- Taithí mar bhall foirne.
- A bheith dírithe ar thoradh a fháil.
- A bheith muiníneach.
- A bheith ábalta déileáil le fadhbanna.
- Nuálach.

**Eolas Eile**

Beidh na Comhordaitheoirí Pleanála Teanga ina mbaill den Stiúrthóireacht Seirbhísí Forbartha agus is féidir go mbeidh dualgais ábhartha eile sa réimse seo le comhlíonadh mar is cuí.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012 tá sé dlite ar Fhoras na Gaeilge plé le pobail lasmuigh den Ghaeltacht chun coincheap na pleanála teanga a phoibliú, a shainmhíniú agus a chur i bhfeidhm le geallsealbhóirí ábhartha.

Faoin Acht tá sé de fhreagracht ar Fhoras na Gaeilge eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá suite taobh amuigh den Ghaeltacht agus sna Líonraí Gaeilge. Beidh tréimhse suas le 2 bhliain ag na heagraíochtaí a roghnófar chun pleananna teanga a ullmhú. Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid

na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí. Nuair a bheidh na pleananna teanga faofa ag an Aire na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta , beidh tréimhse 7 mbliana ag na heagraíochtaí chun iad a chur i gcrích.

Tá lárphointe eolais forbartha ag Foras na Gaeilge le bheidh mar ábhar tacaíochta do na coistí agus na ceanneagraíochtaí pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht faoin bhranda Gaelphobal (www.gaelphobal.ie).

**Líonraí Gaeilge**

Is éard atá i gceist leis na Líonraí Gaeilge ná ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge. Tabharfar aitheantas faoin Acht do Líonraí Gaeilge ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna líonraí éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga fhorordaithe. Tá Foras na Gaeilge freagrach faoin Acht as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge. Sa dlínse ó thuaidh, faoi láthair is faoi Fhoras na Gaeilge atá sé Líonraí Gaeilge a ainmniú bunaithe ar an chur chuige céanna atá i bhfeidhm sa dlínse ó dheas.

Mar thoradh ar phróiseas iarratais a eagraíodh in 2016 tá pleananna teanga faofa agus a bhfeidhmiú sna Líonraí Gaeilge aitheanta seo a leanas:

- Inis
- Cluain Dolcáin
- Baile Locha Riach
- Carn Tóchair
- Iarthar Bhéal Feirste

Tá sé beartaithe babhta nua iarratais a eagrú go luath le deis a thabhairt do cheantair eile aitheantas mar Líonraí Gaeilge a bhaint amach.

**Bailte Seirbhíse Gaeltachta**

De thoradh próiseas comhairliúcháin a eagraíodh in 2014 roghnaíodh na bailte a leanas mar bhailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga fhorordaithe faoi Acht na Gaeltachta. Tá na 3 cinn atá suite sa Ghaeltacht, aibhsithe i ndearg thíos, faoi chúram Údarás na Gaeltachta.

| **Contae** | **Baile** | **Contae** | **Baile** |
|---|---|---|---|
| **Dún na nGall** | • Leitir Ceanainn<br>• An Clochán Liath<br>• Baile Dhún na nGall | Ciarraí | • Daingean Uí Chúis<br>• Trá Lí<br>• Cathair Saidhbhín |
| **Maigh Eo** | • Béal an Mhuirthead<br>• Baile an Róba<br>• Caisleán an Bharraigh | **Corcaigh** | • Cathair Chorcaí<br>• Maigh Chromtha |
| **Gaillimh** | • Cathair na Gaillimhe<br>• An Clochán | **An Mhí** | • Baile Átha Buí<br>An Uaimh |
| **Port Láirge** | • Dún Garbhán | | |

**<u>Fís, Misean agus Luachanna Fhoras na Gaeilge</u>**

**Ráiteas Físe**

*An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann.*

**Ráiteas Misin**

*Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol.*

**Luachanna**

5 bhunphrionsabal a threoraíonn ár gcuid oibre:

| |
|---|
| *<u>Leas na Gaeilge</u>*:<br>Is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanaimid. Is cás linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. Bainimid leas as ár n-acmhainní, ár dtionchar agus ár saineolas ar bhealach comhordaithe comhtháite ar mhaithe le leas na Gaeilge sa tsochaí. |
| *<u>An Pobal</u>*:<br>Táimid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. Aithnímid ár ndualgais reachtúla agus ár bhfreagracht don phobal, idir phobal na Gaeilge agus an mórphobal. Cuirimid san áireamh iad inár gcuid oibre, ó phleanáil go cur i gcrích, ar bhealach gairmiúil tuisceanach solúbtha, bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar thaighde, agus ag cur pholasaithe an 2 Rialtas san áireamh. |
| *<u>Ardchaighdeáin</u>*:<br>Seasaimid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. Déanaimid ár gcuid oibre ar bhealach tiomanta, bunaithe ar dhea-chleachtas, ar shaineolas agus ar athbhreithniú rialta, agus déantar an fhoireann a oiliúint agus a chumasú go córasach. |
| *<u>Meas</u>*:<br>Cothaímid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. Déanaimid cumarsáid éifeachtach le comhghleacaithe agus leis an bpobal, agus freagraímid dóibh ar bhealach dearfach, samhlaíoch agus trédhearcach. |
| *<u>Ceannaireacht</u>*:<br>Seasaimid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. Cuirimid fís don Ghaeilge i láthair go bródúil inár gcuid oibre. Déanaimid ár ndícheall tionchar dearfach a imirt ar son na Gaeilge agus muid ag plé leis an bpobal ar bhealach ceannródaíoch, nuálaíoch, saineolach. |